
**AINM: Aung San Suu Kyi**





# Gnóthaí Tomhaltóra






## 70% de na suímh chama ghréasáin chlingthoin gortghlanta nó dúnta tar éis imscrúdú an AE

Cuireadh iallach ar 70% de na suímh ghréasáin, a ndearnadh imscrúdú orthu i ngeall ar mhídhíol clingthon, páipéar balla agus seirbhísí eile fón póca, iad féin a ghortghlanadh nó dúnadh iad. Is mar thoradh ar chnagadh síos 18 mí an AE ar son an tomhaltóra a rinne an 27 ballstát AE, chomh maith leis an Iorua agus an Íoslainn, a tharla sé sin.

Ó Mheitheamh 2008, rinne údaráis náisiúnta imscrúdú ar 301 suíomh le haghaidh sáruithe tromchúiseacha ar dhlí tomhaltóra an AE.

Ba iad na trí phríomhfhadhb a aimsíodh ná: praghsáil dhoiléir, gan eolas iomlán trádála á thabhairt agus fógraíocht mhíthreorach, go háirithe clingthoin á bhfógairt mar "saor in aisce" nuair a bhíonn ceangal síntiúis dáiríre ar an tomhaltóir.

Is é a dúirt Coimisinéir Tomhaltóra an AE, Meglena Kuneva (2004-2009): "Is mar fhreagairt dhíreach ar na céadta gearán a chuir tuismitheoirí agus tomhaltóirí isteach ó chuid mhaith tíortha éagsúla san AE a rinneadh imscrúdú ar fud an AE.

Níor chóir go mbeadh daoine óga ina n-íobartaigh ag camscéimeanna amhail fógraíocht mhíthreorach a mheallann isteach iad i dtáillí clingthoin a shíl siad roimhe sin a bheith saor in aisce. Agus níor chóir go n-aimseodh tuismitheoirí nithe gan choinne ina mbillí teileafóin tar éis gur ghlac a bpáistí le níos mó ná mar a raibh súil acu leis.

Taispeánann na torthaí seo gur féidir leis an gcomhoibriú ar fud an AE an-difríocht a dhéanamh chun an margadh do thomhaltóirí a ghortghlanadh. Is ar chomhghníomhaíocht den saghas seo a dhíreoidh polasaí tomhaltóra an AE an-iarracht sa todhchaí."


Meglena Kuneva

An téacs curtha in oiriúint as: http://europa.eu/rapid/pressReleasesAction.

# Míchúramach leis an mbruscar? ...
# ...ná féach ach ar na torthaí


**S.P.C.A.**
**Bhaile Átha Cliath**
**Dídean do Chait agus do Mhadraí**



## Maraíonn Bruscar

Gach uile lá tarrthálann cigirí SPCA Bhaile Átha Cliath peataí ainmhí agus ainmhithe fiáine a bhíonn sáinnithe nó gortaithe ag an mbruscar. Cait, madraí agus sionnaigh agus a dteangacha agus a soic gearrtha go dona ag cannaí géara; colúir agus éin uisce a bhíonn gafa i ndorú iascaigh a bhíonn caite i leataobh nó iad tachta ag coinneálaithe plaisteacha ó channaí dí: is samplaí iad seo de na fadhbanna ar féidir le diúscairt mhíchúramach bruscair a bheith ina gcúis leo.


***Cuimhnigh – ar mhaithe leis na hainmhithe agus ar son na timpeallachta - ná caith bruscar riamh uait.***



## Cannaí agus Potaí Iógairt

**Le nach mbeidh ainmhithe sáinnithe laistigh de channaí folamh bain an claibín go hiomlán de, lig dó titim go tóin an channa agus fáisc an barr chun é a dhúnadh. Ar an gcúís chéanna bain na claibíní de na potaí iógairt.**

## Do Sheicliosta Bruscair




1. Cuir an bruscar i mála agus dún le ceangal é agus cuir de láimh i gceart é.
2. Níos fearr fós, déan bruscar a athchúrsáil agus ná lig dó bheith ina bhruscar.
3. Déan iarracht táirgí a cheannach a mbeidh a bpacáistiú déanta as ábhair ath-chúrsáilte agus déan iarracht gan táirgí a cheannach a bhfuil pacáistiú gan ghá orthu.
4. Cuidigh chun bruscar contúirteach atá caite thart a dhiúscairt, fiú murar leat féin é.
5. Tabhair tuairisc faoi na hainmhithe a bhfuil bruscar ag cur as dóibh do SPCA Bhaile Átha Cliath ag 01 4935502 agus déan teagmháil le do chomhairle áitiúil, ag lorg sonraí faoi áiseanna athchúrsála i do cheantar.



Cuirtha in oiriúint ó:www.dspca.ie

**S.P.C.A. Bhaile Átha Cliath, Bóthar Chnoc Venus, Rath Fearnáin, Baile Átha Cliath 16.**
**Teil: 01 493 5502/4. Faics: 01 493 7674**
**Rphost: education@dspca.ie**

# Is é atá ag an Triú Domhan:



**26%**
de thomhaltas leictreachais an domhain



**7%**
de chaiteachas an domhain ar shláinte




**36%**
de thuilleamh an domhain as easpórtálacha



**80%**
de dhaonra an domhain



**38%**
d'astuithe dé-ocsaíde an domhain



**95%**
de chogaí an domhain



**61%**
de tháirgeadh gránach an domhain




**95%**
de dhaoine a bhfuil VEID/SEIF orthu



**18%**
d'OTN an domhain



**15%**
de chaiteachas an domhain ar oideachas



**25%**
de tháirgeadh tionsclaíoch an domhain



**72%**
de theifigh an domhain

**Tháinig beagnach 1 bhilliún duine isteach sa 21ú haois nach raibh in ann leabhar a léamh ná a n-ainmneacha a shíniú.**
**Maireann 1.1 billiún duine ar níos lú ná 1$ in aghaidh an lae agus 2.7 billiún ar níos lú ná 2$ in aghaidh an lae.**



Curtha in oiriúint ó: *80:20 Forbairt i nDomhan Éagothrom*